

FÓCAS AR AN INDIA

IS CUMHACHT É AN T-EOLAS
POWER UP!

PÁCÁISTE
ACMHAINNE
OIDEACHAIS
DO
BHUNSCOILEANNA



trócaire

40
1973
2013
BLIAIN

Ag obair
ar son na
córa ar
domhan.



Clár

Publacht na hÉireann: Nascanna Curaclaim	2
Tuaisceart Éirinn: Nascanna Curaclaim	3
Cur i bhfeidhm na hAcmhainne seo	4
Amharc ar an India	5
Gníomhaíochtaí Ranga	9
Léarscáil folamh na hIndia	10
An Obair a dhéanann Trócaire in India	11
Gníomhaíochtaí Ranga	13
Achoimre ar Chearta na bPáistí (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe)	14
Cartúin	16
Cártaí Rólghlacadh	17
Grianghraif	19
Reiligiúin Dhomhanda	23
Gníomhaíochtaí Ranga	25
Na Meáin	26
Acmhainní Breise	29

trócaire

4
1973
2013
BLIAIN

Ag obair
ar son na
córa ar
domhan.

Nascanna le Curaclam na Bunscoile - Poblacht na hÉireann

SNÁTH	RANG	SNÁITHAONAD	LEATHANACH
Béarla Cumas cainte Léamh Scríobh	Naíonáin – Rang 6 Naíonáin – Rang 6	Ag cothú spéise Ag tuiscint teanga Ag úsáid teanga Ag forbairt muiníne agus cumais chognaíocha in úsáid na teanga Forbairt mothúcháin agus samhlaíoch	9, 12, 18, 21, 25, 28 13, 18, 21, 25, 28
Mata/ Uimhreas Ailgéabar Cruth agus spás Sonraí	Naíonáin Naíonáin Rang1 – 2 Rang1 – 2 Rang1 – 6 Naíonáin – Rang 6	Comhaireamh Patrúin Patrúin a iniúcadh is a úsáid Siméadracht Línte is uilinneacha Ag aithint is ag léirmhíniú sonraí	9 28
Tíreolaíocht Imshaoil Dhaonna Imshaoil Nádúrtha Feasacht agus cúram imshaoil	Naíonáin-Rang 2 Rang 3 – 6 Rang 3 – 6 Rang 5 – 6 Naíonáin – Rang 2 Rang3 – 6	Daoine agus áiteanna i gceantair eile Daoine agus críocha eile Daoine i mbun oibre Gnéithe nádúrtha an domhain Ag tabhairt aire don dúiche timpeall orm Feasacht Imshaoil Ag tabhairt aire don imshaoil	9, 18 17, 18 9 28
Eolaíocht Duille Beo Feasacht agus cúram imshaoil	Naíonáin – Rang4 Rang5 – 6 Naíonáin – Rang2 Rang3-6	Plandaí agus ainmhithe Ag tabhairt aire don dúiche timpeall orm Feasacht Imshaoil Ag tabhairt aire don imshaoil	9 2
Ealaín Líníocht Péint agus dath Prionta Fabraic agus snáithín	Naíonáin – rang6 Naíonáin – rang6 Naíonáin – rang6 Naíonáin – rang6	Líníocht a dhéanamh Péinteáil Priontaí a dhéanamh Cruthú le Fabraic agus snáithín	9
Dráma Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú	Naíonáin – Rang6	Iniúchadh agus déanamh drámaíochta	18
O.S.P.S. Mise agus an domhan mór	Naíonáin – Rang6 Naíonáin – Rang6	Ag forbairt saoránachta Oideachas na Meán cumarsáide	9, 13, 18, 25, 28
Creideamh	Naíonáin – Rang6		25

Nascanna le Curaclam na Bunscoile, Tuaisceart Éireann

SNÁTH	EOCHAIRGHRÁD	SNÁITHAONAIÐ	LEATHANACH
Teanga agus Litearthacht Caint agus éisteacht Léamh Scríobh	Eochairghrád 1 Eochairghrád 2	Ag éisteacht le scéalta, dánta, amhráin, drámaí agus téacsanna ó na meáin agus iad a chíoradh agus a thuiscint	9, 13, 18, 21 25, 28
Mata agus Uimhearthacht Próiseas sa mhata Uimhreacha Tomhais Cruth agus spas Ag plé le sonraí	Eochairghrád 1 Eochairghrád 2	Ag úsáid na matamaitice, ag déanamh cumarsáide go matamaiticiúil Comhaireamh, patrúin, airgead Ag tuiscint agus ag baint úsáide as an teanga a bhaineann le faid, meáchan, toilleadh agus achar Ag plé le cruthanna Ag bailiú eolais, ciall a bhaint as agus é a léiriú	9, 28
An Domhan timpeall orainn, Stair, Eolaíocht agus Teicneolaíocht Timpeallachtaí Daonna Timpeallachtaí Nádúrtha Feasacht agus caomhnú Timpeallachta Eolaíocht Duile Beo Feasacht agus caomhnú Timpeallachta	Eochairghrád 2	Bheith feasach ar éagthroime an domhain (ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal domhanda) Bheith feasach ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt ar shaoil daoine eile Plandaí agus ainmhithe Ag tabhairt aire do mo cheantar Feasacht timpeallachta agus ag tabhairt aire don timpeallacht	9, 18, 28 28
Na hEalaíona Tarraingt agus Péinteáil Priontaí a dhéanamh Teicstílí	Eochairghrád 1 & 2	Ag tarraingt agus ag péinteáil (agus TFC/ICT á úsáid)	9, 18
Ceol agus Dráma	Eochairghrád 1 & 2	Ag obair go cruthaitheach le fuaimneanna Canadh agus seinnt le gléasanna simplí Ag éisteacht le daoine eile ag seinnt agus ag freagairt dó	18
Forbairt Phearsanta Tuiscint phearsanta agus Sláinte Comhthuiscint sa phobal áitiúil agus sa phobal domhanda Sláinte, Fás agus athrú Caidrimh sa Phobal	Eochairghrád 1 Eochairghrád 2	Mé féin agus mo bhaile Me féin agus mo scoil Mo thimpeallacht An tslí a mhairimid Gluaiseacht Ár Domhan	9, 13, 18 25, 28
Creideamh	Eochairghrád 1 & 2	Tuiscint Spridálta: ag braistint uamhain agus iontais don domhan thart orainn – Clár Alive O	25

Ag baint feidhme as an acmhainn seo

Ag tacú le Pobail iad féin a thabhairt as an mBochtaineacht.

Faoin acmhainn seo

Dearadh an acmhainn seo, "Is cumhacht é an t-eolas"/ 'Power Up!' chun tacaíocht agus misneach a thabhairt do bhunmhúinteoirí peirspictíocht ar an oideachas forbartha a chomhshnaidhmeadh ina gcuid múinteoireachta. Tabharfaidh na gníomhaíochtaí agus na modhanna san acmhainn seo deis do dhaltaí iniúchadh agus cíoradh a dhéanamh ar chóir dhomhanda agus ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta daonna. Cabhróidh an acmhainn seo le daltaí steiréitíopa a cheistiú agus ceangail a dhéanamh idir an comhthéacs logánta agus an comhthéacs domhanda trí eiseamláir na hIndia a úsáid. Dírítear aird an léitheora ar nascanna churaclaim tríd an leabhráin chun cur ar chumas an mhúinteora gníomhaíochtaí an cheachta a chomhtháthú le hábhair eile.

Ag baint feidhme as an acmhainn seo

Is féidir an acmhainn seo a úsáid i mórán slite. Is féidir tabhairt faoi ó thus na hacmhainne agus oibriú tríd, le gach roinn ag tógaint ar an gceann roimhe. Dírítear aird ar réimse leathan modheolaíochtaí gníomhacha teagaisc agus foghlama a chabhróidh leis na daltaí a scileanna ardoird smaointeoireachta a úsáid is a fhorbairt. Leagtar an t-ábhar amach i sé roinn: An India; Obair Trócaire san India; Daoine ag obair; ag baint feidhme as grianghraif; creidimh dhomhanda agus na meáin. D'fheadfadh an múinteoir ábhar cuí a phiocadh ón acmhainn de réir mar a oireann.

Slite Measúnaithe:

Déan taifead ar a thugann tú faoi ndeara i bplé na ndaltaí eatarthu féin agus leis an múinteoir. Dear tascanna foghlamtha, ceachtanna scríbhneoireachta agus tionscnaimh bunaithe ar na gníomhaíochtaí. Tóg grianghraif d'obair na ndaltaí (léarscáil, líníochtaí, scéalta, gníomhaíochtaí).

Siombailí a úsáidtear tríd an acmhainn:



Leid an lae:

Nod fiúntach chun cabhrú leat an topaic a chíoradh níos doimhne le do rang.



An raibh a fhios agat?

Píosa eolais suntasach faoin India.

Idirdhealú sa Teagasc

D'fheadfadh an múinteoir tabhairt faoi fhorhór na ngníomhaíochtaí anseo le haon ghrúpa foghlaimeoirí ó na Naionáin ar aghaidh ach iad a chur in oiriúint beagáinín don ghrúpa. Leagtar na gníomhaíochtaí dhathchódaithe amach de réir leibhéal deacrachta. Cabhróidh sé seo leis an múinteoir agus é/í ag roghnú ábhair a riúnódh do na cumais éagsúla sa rang.



Gníomhaíocht: Leibhéal 1

An túsphointe le dul i ngleic leis an ngníomhaíocht.



Gníomhaíocht: Leibhéal 2

Ábhar níos deacra nó níos dúshlánaí.

Buíochas

Ba mhian leis an bhfoireann oideachais a mbuíochas speisialta a chur in iúl do Niamh Brennan (Niamh Ní Bhraonáin) ó Bhunscoil Ráth Phéacáin, Co. Chorcaí as ucht an t-am a thógaint tacú linn an t-ábhar seo a scríobh. Ba mhaith le Trócaire a mbuíochas a ghabháil chomh maith agus comhghairdeas a dhéanamh le hAnne Costelloe (le hÁine de Coisdealbha) agus a cuid daltaí ó Rang a hAon agus a Dó i mBunscoil Pholl na bhFia Thiar, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe. Bhuaigh rang Ms Costelloe (Iníon de Coisdealbha) comórtas Ealaíne Bhosca Thrócaire Charghais 2013 agus tá eilimintí da n-iontráil le feiscint tríd an acmhainn.



AMHARC AR AN INDIA





Forbhreathnú ar an India

Brat

Is brat trídhath é brat na hIndia. Seasann an dath safróin don mhíseach, seasann an bán don ghlaimeacht agus don fhírinne agus seasann an glas don chreideamh agus don torthúlacht. Tá roth dubhgorm i lár an bhanda bháin. Is siombail Búdaíoch é seo ar a dtugtar An Dharma Chakra.



Suíomh

Tá an India suite i nDeisceart na hÁise. Is iad An Phacastáin, An tSín, An Neipeal, An Bhangladéis agus Myanmar a comharsana.

Príomhchathair

New Delhi.

Airgeadra

Rupee Indiach.



Daonra

1,210,000,000 (1.21 biliún)

Teanga

Tá sé theanga oifigiúil dhéag san India. Is iad an dá theanga labhartha is mó ná Hindi agus Béarla.

Fiadhúlra

Tá thart ar 650,000 de speiceas ainmíoch san India. Is ainmhithe dúchasacha cuid mhaith acu, an eilifint Indiach, an leon Áiseach, an mheacaic leonearrach, srónbheannach mór na hIndia, tíogar ríoga Bengal, an phangailín agus ialtóg meas na hIndia ina measc.

Aeráid

Tá aeráid thropaiceach mhonsúin ag an India. Tá trí shéasúr ag an gcuid is mó den tír; te agus fliuch(monsún) ó Mheitheamh go Deireadh Fómhair, tirim agus fionnuar ó Shamhain go Márta agus te is tirim ó Mhárta go Meitheamh.

Siombail Náisiúnta


Siobla Náisiúnta na hIndia. Is éard atá scríofa air ná "Truth alone Triumphs"



सत्यमेव जयते

Éan náisiúnta

An péacóg.




Bláth náisiúnta

An loiteog bheannaithe.



Ainmí náisiúnta

An tíogar.



Crann náisiúnta

Banya.



Stair na hIndia go hAchomair:

Bhí go leor sibhialtachaí ársa agus impireachtaí san India, cuid acu ag dul níos faide siar ná 2,000 bliain Roimh Chríost. Tá rath tar éis teacht ar chúrsaí cultúrtha agus ar chúrsaí creidimh thar na mblianta agus tá tíortha eachtracha tar éis tionchar nach beag a bheith acu uirthi i rith an ama sin.

LÍNE AMA

269-232 R.C

Ré an Impire Ashoka Maurya. Bhí meas aige ar an mBúdachas agus bhí sé i gcoinne cogaidh.

50 AD

Bhí rath ar chúrsaí trádála idir an India agus Impireacht na Róimhe. Bhí an-éileamh ar phéarlaí, ar eabhar, ar shíoda, ar spíosraí ar éadach agus ar chlocha lómhara ón India.

Na
1600's
aidí

Theastaigh ón Ollainn, ón mBreatain agus ón bhFrainc fáil a bheith acu ar spíosraí, tae, síoda, rís agus clocha lómhara de chuid na hIndia agus thógadar postanna trádála ann.

1858

Glacann Rialtas na Breataine cumhacht san India


1947

Neamhspleáchas don India fé stiúir Mahatma Gandhi

1948

Críochdheighilt na hIndia. Deighiltear An India ina trí thír nua – An Phacastáin, An Bhanglaidéis agus An India.

Feallmharaítear Gandhi



1966

Indira Gandhi (nach bhfuil gaolta le Mahatma Gandhi) mar Phríomh Aire ar an India, an chéad bhean a toghadh le bheith ina ceannaire ar an tír.

1983

Buann an India an Corn Domhanda Cruicéide

1984

Tragóid gáis Bhopal

1999

Cioclón san Odisha, 10,000 marbh

2000

Daonra na hIndia níos mó ná 1 billiún

2004

Crith talún agus Tsunami in aigéan na hIndia

2007

Toghtar Pratibha Patil ina céad Bhanuachtarán ar an India

2012

Teip uafásach cumhachta leictreach in Delhi agus Tuaisceart na hIndia

Gníomhaíochtaí Ranga:

Bain úsáid as na fírící thuas chun cabhrú leat sna gníomhaíochtaí seo

Ag Measúnú Réamheolas agus Réamhthuisctint na ndaltaí ar an India (Tíreolaíocht, Béarla)

Ullmhúchán: Dáil fotocóip de léarscáil bhán na hIndia (ar lth. 9) ar na daltaí.



- Cuir ceist ar na daltaí cad ar a smaoiníonn siad nuair a luaitear an India.
- Abair leo na smaointí a tharraingt timpeall na léarscáile.
- Pléigh na torthaí leis an duine in aice leo agus leis an rang.



- Iarr ar na daltaí gcuid smaointe a scríobh timpeall na léarscáile.
- Abair leo malartú leis an duine in aice leo agus an méid a scríobhadh a léamh.



Déan an ceacht seo arís ar léarscáil glan tar eis an acmhainn a úsáid chun an méid a d'fhoghlaim na páistí a mheas.

Ainmhithe (Eolaíocht, Mata, Tíreolaíocht)

Ullmhúchán: Priontáil grianghraif d'ainmhithe na hIndia atá ar fáil ar na suíomhanna gréasáin



- Pléigh na hainmhithe agus cuir i ngrúpaí iad maidir leis na tréithe éagsúla a bhaineann leo, m.sh: le fionnadh/gan fionnadh, le heireball nó gan eireball; méid cos; cinéal áit chónaithe srl.



- Cabhraigh leis na daltaí speiceas ainmhíoch comónta na hIndia a aithint.
- Aimsigh na ceantair ina gcónaíonn siad ar léarscáil na hIndia.
- Fiosraigh an timpeallacht sna ceantair seo agus agus a ndearna na hainmhithe chun iad féin a chur in oiriúint don timpeallacht sin.
- Ainmnigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na hainmhithe seo agus ainmhithe na hÉireann.



Is í an India an 7ú tír is mó ar domhan!

Siombailí Náisiúnacha (OSPS, Ealaín)

Ullmhúchán: Téigh ar www.trocaire.org/education agus taispeáin na Siombailí Náisiúnacha do na daltaí ar an gclár bán idirgníomhach.

Léiríonn na siombailí seo cultúr agus bunluachanna mhuintir na tíre atá i gceist.



- Pléigh siombailí náisiúnacha na hIndia leis na daltaí.
- I ngrúpaí, iarr ar na daltaí na siombailí éagsúla a tharraingt, a phéinteáil nó a phriontáil
- Cuir na siombailí ar phiosa mór cearnógach agus dean cuilt phíosála (patchwork quilt) astu nuair a cuirtear na cearnóga le chéile le crochadh ar bhalla an tseomra ranga.



- Pléigh siombailí náisiúnacha na hÉireann. An léiriú cruinn iad ar chultúr na tíre?
- Pléigh agus dear siombailí a léiríonn do rang, do scoil, do phobal.
- Eagraigh vótáil ranga chun aontú ar na tréithe agus na bunluachanna is tábhachtaí sa rang le léiriú sna siombailí agus déan cuilt phíosála eile.



Le linn ranga mata dean comparáid idir bhrat na hÉireann agus brat na hIndia. Pléigh iad faoi na hábhair seo: patrúin, siméadracht, línte agus uillinneacha.

Léarscáil bhán den India





AN OBAIR A DHÉANANN TRÓCAIRE IN INDIA



Obair Trócaire san India

Forbheathnú

Tá daonra os cionn 1 billiún san India. Tá geilleagar na hIndia ar cheann de na geilleagair is tapúla forbartha ar domhan. Ag an am céanna, tá aon trian de bhochtáin an domhain san India. Fad atá geilleagar na tíre faoi bhláth, tá deighilt as cuimse idir lucht an rachmais agus na boicht.

Tá Trócaire i mbun oibre faoi láthair in Odisha nó Orissa mar a bhíodh aithne air tráth. Maireann 47% de mhuintir an cheantair sin (daonra 41 milliún) ar níos lú ná 28 cents in aghaidh an lae. As stáit uilig na hIndia, tá Odisha sa dara áit ó thaobh ráta báis naíonán de. Sa cheantar iargúlta, Koraput, tá ráta litearachta na mban chomh híseal le 32%.

Tá scéimeanna thacaíochta curtha i bhfeidhm ag rialtas na hIndia a bhfuil sé mar aidhm acu cabhrú le muintir na gceantar is boichte. Ach sna sráidbhailte is iargúlta de cheantair fíorbhocht cosúil le Odisha, tá formhór na ndaoine fós gan oideachas, gan scileanna bunúsacha litearachta, gan aon tuiscint acu ar na cearta atá acu agus ar conas iad a éileamh ar an rialtas. Déanann Trócaire (agus a cuid comhpháirtithe áitiúla) gach iarracht pobail thuaithe a eagrú, oideachas a chur orthu agus iad a chur ar an eolas maidir leis na cearta atá acu agus an chabhair atá ar fáil dóibh ón rialtas.

Má theastaíonn eolas uait ar Fheachtas an Charghais i mbliana, is féidir Ambika (9 mbliana) a leanúint sna taispeántais sleamhnán agus sna físeanna ar www.trocaire.org/education.



An teaghlach Paraja, Odisha, India

Páirtneir Trócaire, ORRISSA

Síolta na Cumhachta: “Tugaim aire don tsíol mar a chothóinn leanbh.”

Tá sé deacair ar an Rialtas Áitiúil san India an daonra atá ag síormheadú a chothú. Mar thoradh air seo teastaíonn ón rialtas go n-úsáidfeadh pobail na tíre bia agus síolta a chóireáiltear le ceimicí ionas go bhfásfaidís níos tapúla agus ionas go mairfidís níos faide. Bia GM nó bia géinathraithe a thugtar ar bhia den tsaghas seo. Bíonn na síolta géinathraithe seo thar a bheith costasach agus bíonn sé thar a bheith deacair ar fheirmeoirí teacht ar airgead chun na síolta nua seo a cheannach bliain i ndiaidh bliana.

Tá páirtneir Trócaire ORRISSA (Organisation for Rural Reconstruction and Integrated Social Service Activities) ag iarraidh brú a chur ar an rialtas gan úsáid a bhaint as na síolta géinathraithe seo. Teastaíonn ó ORRISSA go mbeadh cead ag feirmeoirí úsáid a bhaint as a gcuid síolta féin a bhíonn saor ó cheimicí agus a bhíonn i bhfad níos saoire ó thaobh costais de.

Sa bhliain 2006 thosaigh ORRISSA ag obair le pobail áitiúla ag tabhairt tacaíochta dóibh fillleadh ar na seanmhodhanna feirmeoireachta agus a síolta traidisiúnta a úsáid. Tá tábhacht ag baint leis na síolta áitiúla ar mhórán cúiseanna. Bíonn na síolta seo saor ó cheimicí agus mar sin tá siad i bhfad níos fear don timpeallacht. Is féidir leis na síolta maireachtáil in aimsir tirim, te ach tá siad láidir a dhóthain le maireachtáil trí shéasúr na dtuillte chomh maith. Tá siad i bhfad níos saoire do na feirmeoirí mar tar éis dóibh iad a cheannach an chéad uair is féidir leo a shíolta féin a úsáid ó shin ar aghaidh.

Thosaigh ORRISSA ag obair le mná na dtreabhanna mar go raibh fios a gcúram acu faoi na seanmhodhanna feirmeoireachta agus faoi na síolta féin. Tugadh “Máithreacha na Síolta” ar na mná seo tar éis tamaill. Oibríonn Máithreacha na Síolta i gcomhar le ORRISSA agus teastaíonn uathu an scéal a scaipeadh féin tábhacht a bhaineann le síolta nádúrtha, traidisiúnta a úsáid. Tá siad tar éis a bheith ag obair le 1,500 teaghlach go dtí seo.

Le tacaíocht ORRISSA, tuigeann Máithreacha na Síolta nach gá dóibh síolta géinathraithe costacha a cheannach. Is grúpa cumhachta ban iad a chabhraigh lena bpobail féin i mórán slite. Tá síolta éagsúla ann a oireann do chré agus do shéasúir difriúla. Cuireann Máithreacha na Síolta comhairle ar fheirmeoirí maidir leis an tsaghas síolta is oiriúnaí dóibh ag amanta difriúla sa bhliain.

Gníomhaíochtaí Ranga:

Cuireann Máithreacha na Síolta i gcuimhne dúinn an tábhacht a bhaineann le comhoibriú agus le tuiscint a bheith againn ar na cearta daonna atá againn. Déan na gníomhaíochtaí seo le do rang le deis a thabhairt dóibh Coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh a thuiscint agus a chíoradh.



Ambika agus a deartháir
Parsuram, Odisha, India

Tiocaire/Alan Wheilan

Mianta agus Riachtanais (Béarla, OSPS)

Ullmhúchán: Tabhair mála taistil isteach an seomra ranga a bhfuil gnáthrudáí laethúla istigh ann, m.sh.: buidéal uisce, Nintendo, plaincéid. Déan cóip de na cearta leanáí ar an gcéad leathanach eile agus gearr amach iad.



- Abair leis na páistí go bhfuiltear tar éis teacht ar phlainéad nua ach nach bhfuil faic ann. Tabharfaidh na daltaí cuairt ar an bplainéad sin agus caithfidh siad mála a phaiceáil chuige.
- Iarr ar na daltaí na rudaí a dheighilt ina dhá ghrúpa – rudaí a mbeidh gá acu leo ar an bplainéad nua agus rudaí gur mhaith leo a thabhairt ann (ach nach mbeadh riachtanach).



- Iarr ar dhaltaí sna hardranganna a gcuid mianta agus a gcuid riachtanais a tharraingt/ a scríobh amach.
- Cuir na pictiúir/ na liostaí ar an gclár agus tar éis plé ranga cabhraigh leo aontú ar liosta riachtanais agus liosta mianta.
- Dáil ceart amháin (ar chárta) ar gach beirt. Iarr orthu na cearta a mhaiteáil leis na riachtanais.

Díospóireacht Siúil (Béarla, OSPS)

Ullmhúchán: Scríobh 'Aontaim' agus 'Ní aontaim' ar dhá leathanach mór agus croch ar na fallaí iad ar dhá thaobh an tseomra.



- Seas i lár an tseomra leis na daltaí agus léigh amach na ráitis (thíos).
- Iarr ar na daltaí a aontaíonn leis an ráiteas bogadh i dtreo an phostaeir a bhfuil "Aontaim" scríofa air agus iarr ar na daltaí nach n-aontaíonn leis bogadh i dtreo an phostaeir a bhfuil "Ní aontaim" scríofa air. Iarr orthu siúd nach bhfuil cinnte fanúint i lár an tseomra.

1. Baineann cearta leanáí le gach éinne i ngach áit gan eisceacht.
2. Tá sé de cheart ag daoine a rogha rud a dhéanamh.
3. Ba cheart ligint do pháistí súgradh chomh fada agus gur mhaith leo.
4. Bíonn an fáil céanna ag gach éinne ar an oideachas agus an deis céanna ag gach duine post a fháil.
5. Ba cheart go mbeadh gach éinne ar domhan in ann dul an ospidéal saor in aisce aon áit ar domhan.



- Is í aidhm an chluiche ná na daltaí a chur ag machnamh agus ag caint faoinár gcearta daonna. Níl freagraí "cearta" agus "míchearta" ann per se.
- Is féidir leat do ráitis féin a chumadh ach seo roinnt chun cabhrú leat.

Cearta agus Dualgais i lámha a chéile (Béarla, OSPS)



- Cuir ceist ar na daltaí "Cad is féidir a dhéanamh sa seomra ranga chun a chinntiú go bhfuil gach éinne sásta agus sábháilte?"
- Déan liosta de Chearta sa Seomra Ranga. Iarr orthu liosta a dhéanamh/ pictiúr a tharraingt de chúig rud a chabhródh dar leo féin.



- Iarr orthu dul i mbeirteanna agus aontú ar chúig cheart eatarthu féin. Iarr ar gach beirt dul i mbun cainte le beirt eile agus aontú ar liosta cúig cheart tar éis plé.
- Is féidir leis an múinteoir liosta deich gceart, mar atá aontaithe anois ag na daltaí, a scríobh in airde.



- Ag féachaint ar an liosta, iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar na dualgais atá orainn/ orthu más iad sin na cearta atá acu.
- Cuir Cairt Dualgais le chéile i dteannta na ndaltaí.
- Croch na liostaí sa seomra ranga agus déan iad a mhaisiú ionas go gcuirtear i gcuimhne do na daltaí iad gach lá.

Coinbhinsiún aontaithe ar Chearta an Linbh

**Tá sé de
cheart
ag gach
páiste ó
bhreith go
18 mbliana
d'aois**

**saol a bheith
acu**



**ainm agus
náisiúntacht
a bheith acu**



**a fhios a bheith
acu faoina
gcearta agus
faoina gcuid
dualgaisí**



**a dteanga féin a
úsáid, foghlaim
faoinag cultúr
féin agus
reiligiún a
chleachtadh**



**bualadh le
páistí eile
agus deis
spraoi a
bheith acu**



**fáil a bheith
acu ar an
eolas atá
uathu**



**cúram sláinte
a fháil**



**a bheith in
éineacht lena
dteaghlach nó
leo sin a
thabharfaidh
t-aire is
fearr
dóibh**



dóthain bia agus uisce glan a fháil



a fhios a bheith acu faoi na gcearta agus faoi na gcuid dualgaisí



gan a bheith in úsáid mar shaighdiúir



a dtuairimí a nochtadh



a dteangaféin a úsáid, foghlaim faoi na gcultúr féin agus reiligiún a chleachtadh



gan a bhaith in úsáid mar oibrí saor



a bheith sábháilte, gan a bheith gortaithe agus gan failí á dhéanamh orthu



caighdeán sásúil maireachtála a bheith acu



Sa bhreis air sin, i gCás páistí atá faoi mhíchumas tá sé de cheart acu

oideachas saor in aisce a fháil agus oiriúnach a fháil



cúram speisialta agus traenáil a fháil



deis spraoi a bheith acu





IS FEIRMEOIR MISE




IS PÍOLÓTA MISE




IS DOCHTÚIR MISE



IS BAINISTEOIR ÓSTÁIN MISE



TÁ SIOPA ÉADAÍ AGAMSA



DÉANAIMSE OBAIR AN TÍ

Róil agus Freagrachtaí

IS FEIRMEOIR MISE

Eirím go luath ar maidin chun síolta a chur agus aire a thabhairt do mo chuid barra. Cuirim trátaí, ubhthoradh, cairéidí agus pónairí. Píocaim na barra agus déanaim iad a chócaráil dom féin agus do mo theaghlach. Má bhíonn an iomarca agam, roinnim le mo chomharsana iad. Bím buartha nuair nach mbíonn báisteach ann, mar ní fhásann na barra. Is maith liom a bheith i m'fheirmeoir mar is breá liom a bheith amuigh faoin aeir.

IS PÍOLÓTA MISE

Tiomáinim eitleáin trasna na hIndia. Is aoibhinn liom a bheith ag eitilt. Bíonn thart ar 100 phaisinéir ar an eitleán liom. Tá 80 aerphort san India agus bhí mé i ngach ceann acu. Is breá liom a bheith ag eitilt san oíche mar is féidir liom soilse na mbailte agus na gcathracha a fheiscint ón spéir. Is maith liom a bheith i mo pháilóta mar bíonn deis agam áiteanna éagsúla na hIndia a fheiscint.

IS DOCHTÚIR MISE

Oibrím in ospidéal i Kolkata. Uaireanta bíonn daoine an-bhreoite nuair a thagann siad chuig an t-ospidéal, ach tugaimse leigheas dóibh agus tagann feabhas orthu. Cabhraím le gach duine idir óg agus aosta. Má bhíonn an t-ospidéal an-ghnóthach bíonn uaireanta oibre an-fhada agam. Is maith liom a bheith i mo dhochtúir mar bím i gcónaí ag cabhrú le daoine.

IS BAINISTEOIR ÓSTÁIN MISE

Tá cónaí orm i mBangalore. Táim i mo bhainisteoir san Óstán "Asia Hotel". Is óstán an-ghnóthach é seo le 100 seomra codlata ann. Tá 80 ag obair san óstán agus bíonn ormsa a chinntiú go mbíonn gach duine ag déanamh a gcuid oibre i gceart. Tagann turasóirí ó gach cearn den domhan chuig an t-óstán gach bliain. Déanaim cinnte de go mbíonn cuairt deas acu agus iad ag fanacht linn san óstán. Is breá liom mo phost mar buailim le go leor daoine nua gach lá.

TÁ SIOPA ÉADAÍ AGAMSA.

Táim i mo chónaí i New Delhi. Tá siopa agam darb ainm 'Stylish Clothes'. Is féidir éadaí a cheannach ann d'fhir, do mhná nó do pháistí. Tá ceathrar déag ar an bhfoireann. Is é an Sathairn an lá is gnóthaí den tseachtain. Bainim taitneamh as mo chuid oibre mar buailim le go leor daoine nua gach lá.

DÉANAIMSE OBAIR AN TÍ

Téim ar scoil i rith an lae. Nuair a thagam abhaile tráthnóna ním mo chuid éadaí agus cabhraím le mo mháthair le hobair an tí. Muna mbíonn uisce sa tigh téim chun é a bhailiú. Bím ag tabhairt aire do mo dheirfiúr beag má bhíonn mo mháthair gnóthach. Bainim taitneamh as obair an tí a dhéanamh mar tuigim go gcabhraíonn sé le mo mháthair. Nuair a bhím críochnaithe leis déanaim mo chuid obair bhaile.

Gníomhaíochtaí Ranga:

Diancheistiú/ “an cathaoir te”(Tíreolaíocht, Béarla/ Gaeilge, Drámaíocht)

Ullmhúchán: Gearr amach na blúiríní eolais thuas agus dáil ar na daltaí chun iad a spreagadh chun cainte i ngrúpaí beaga mar gheall ar na cearta agus na dualgais a bhaineann le gach aon phost. Déan na cártaí rólghlactha thuas a fótachóipeáil agus a ghearradh amach



- Iarr ar dhalta dul ar an “gathaoir te”, ról dhuine de na daoine ar na cártaí thuas a ghlacadh agus iarr ar an gcuid eile den rang é/i a cheistiú.



Scríobh cuntas dialainne mar gheall ar obair an lae.
(Gaeilge, Béarla)

Pictiúir Reoite/ Freeze Frames (Tíreolaíocht, OSPS, Gaeilge/ Béarla, Dráma)



- Iarr ar na daltaí pictiúir reoite/ “freeze frame” a chumadh bunaithe ar an gcárta atá acu.



- Téigh go dtí daltaí aonaracha agus cuir ceisteanna agus an ról á imirt acu.
- Caith fadhb mhór/ dileama chucu agus iarr orthu an fhadhb a phlé agus pictiúir reoite eile a chumadh. Mar shampla, níl tásc no tuairisc ar bháisteach agus tá an cuma ar an scéal nach bhfuil na barraí ag fás; tá tine tar éis briseadh amach i gcistin an óstáin.

Trocaire/Alan Whelan



Narahari and Dev Gauda,
Díoltóirí Margaidh, Odisha, India



GRIANGRAIF





Trocaire/Alan Whelan

Kindia Pangi, Odisha, India

Forbhreathnú

An aidhm atá leis na gníomhaíochtaí seo ná smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh sna daltaí agus saincheisteanna faoi chóir dhomhanda á bplé acu. Lig do na daltaí leas a bhaint as na grianghraif agus iad ag obair i ngrúpaí beaga agus mar rang iomlán. Cuirfidh sé seo ar chumas an mhúinteora scileanna dhíospóireachta, scileanna anailíse, scileanna cháinte, agus scileanna chosanta na ndaltaí a chur chun cinn maraon le feabhas a chur ar a gcumas rudaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile. Tá ocht ngrianghraf ar chúl an leabhráin seo agus a thuilleadh ar www.trocaire.org/education/lentschools



Tá breis eolais ar chúl na ngrianghraf a d'fhéadfaí a úsáid leis na hardranganna.

Ag roghnú do chuid grianghraif féin

Ag roghnú do chuid grianghraif féin Tá sé ríthábhachtach gan steiréitíopaí a threisiú agus grianghraif á roghnú le húsáid a bhaint astu sa seomra ranga. Ba cheart don mhúinteoir grianghraif a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla chun go mbeidh cothromaíocht san eolas a fhaigheann na daltaí faoi dhaoine agus áiteanna. Roghnaigh grianghraif a léiríonn cosúlachtaí chomh maith le difríochtaí.

Is foinsí áisiula iad nuachtáin, cártaí poist, irisí, grianghraif phearsanta a d'fhéadfadh an múinteoir a bhailiú chun saghas leabharlann/ stór pictiúir a chur le cheile a d'fhéadfaí a úsáid agus cóir dhomhanda á phlé sa rang.

Gníomhaíochtaí Ranga ag baint feidhme as grianghraif

Cuir na grianghraif ar fad aghaidh aníos ar úrlár an tseomra. Iarr ar na daltaí siúl timpeall agus an grianghraf is fearr leo a roghnú. Meall iad chun cúis a thabhairt dá roghadh agus chun a roghadh a phlé. Cabhraigh leo an plé a threorú, m.sh. iarr orthu an grianghraf is mó a chuireann ionadh orthu a roghnú.

Aimsigh na difríochtaí agus na cosúlachtaí

Iarr ar na daltaí difríochtaí agus cosúlachtaí a aimsiú idir shaoil na ndaoine sna grianghraif agus a saoil féin. Bíonn claonadh sna daltaí na difríochtaí a aimsiú agus mar sin cuir béim ar chosúlachtaí a aimsiú chomh maith.

Ag ceistiú grianghraif

Abair le gach grúpa grianghraf a chur i lár leathanaigh móir. Ainmnigh ceannaire ar gach grúpa agus iarr orthu na ceisteanna atá ag an

ngrúpa faoin ngrianghraf a bhreacadh síos. Ni gá go mbeidh freagra acu ar gach ceist ach mspreagfaidh sé seo plé sa ghrúpa. Roinneann gach grúpa a gcuid smaointe ansin leis an rang.

Boilgíní Cainte/ Boilgíní Smaoinimh

Iarr ar na daltaí duine ón ngrianghraf a roghnú agus aontú ar a bhfuil sa cheann aige/aici, cad atá á mothú aige/aici, cad a bhí á rá aige/ aici nuair a togadh an grianghraf. Scríobh amach na smaointe/ an méid a bhí á rá i mbolgíní agus greamaigh den ghrianghraf iad.

Ag cur teidil ar na grianghraif

Iarr ar na daltaí teidil a mholadh do na grianghraif. Abair leo gur mór an éifeacht a bhíonn ag teideal ar an slí a bhaineann daoine ciall as grianghraf. An mbíonn tionchar ag an teideal ar an slí a mhothaímid mar gheall ar a bhfuil ag titim amach i ngrianghraf? Iarr ar na daltaí teideal a mholadh do ghrianghraf a bheadh in úsáid sna comhthéacsanna seo: nuachtán tablóideach, fógra carthanachta, leabhar gearrthóg (scrapbook) teaghlaigh, téacsleabhar scoile. An mbeadh na teidil difriúil sna comhthéacsanna difriúla? Cad ina thaobh?

Rangú

Tabhair roinnt grianghraif do gach grúpa agus iarr orthu iad a rangú de réir critéir aontaithe. Mar shampla, an ceann is lú a thaitníonn leo agus an ceann is mó a thaitníonn leo. Ba cheart líon na ngrianghraf a mhéadú do na hardranganna. Má tá naoi ngrianghraf ag an ngrúpa d'fhéadfaidís iad a rangú i bhfoirm diamaint, an ceann is tábhachtaí ar barr agus ceann nach bhfuil chomh tábhachtach sin ar bun agus na cinn eile eatarthu. Spreag na daltaí a gcuid diamaint a chur i gcomparáid le ceann an ghrúpa in aice leo. An bhfuil grianghraf difriúil ar barr ag an ngrúpa eile? Cad ina thaobh?



Laxma Hantal,
Kodaljodi, Odisha,
India



Trocenaire/Alan Whelan



Ghani Hantal,
Odisha, India



REILIGIÚIN DHOMHANDA




AN GIÚDACHAS (JUDAISM)



Ón Iosrael a tháinig an Giúdachas. Giúdaigh a thugtar ar na daoine a chleachtann an creideamh seo. Tugann Giúdaigh ómós i séipéil darb ainm sionagóga. Is í Cáisc na nGiúdach (Passover) an fhéile is tábhachtaí de chuid na nGiúdach. Is céiliúradh í seo a dhéanann comóradh ar scéal Eacsadas nuair a scaoileadh saor na seanIosraeilítigh ón sclábhaíocht san Éigipt.

AN CHRÍOSTAÍOCHT



Tháinig an Chríostaíocht ón Iosrael thart ar 2,000 bliain ó shin. Críostaithe a thugtar ar na daoine a chleachtann an creideamh seo. Tugann Críostaithe ómós i séipéil nó in ardeaglais. Bíonn siad ag paidreoireacht sa bhaile chomh maith. Is iad an Nollaig agus an Cháisc an dá fhéile is tábhachtaí do Chríostaithe, ag céiliúradh breith, bás agus aiséirí Íosa Críost. Is Críostaithe iad 2.3% de dhaonra na hIndia.

AN SAÍCHEACHAS (SIKHISM)



Is as an Punjab, ceantar i dtuaisceart na hIndia a tháinig an Saícheachas (Sikhism). Saíceach (Sikh) a thugtar ar dhuine den chreideamh seo. Tugtar Gurdwara ar na séipéil atá acu. Is féasta mór do na Saícaigh Baisakhi, ina cheiliúránn siad an Athbhliain i mí Márta/Aibreán. Is Saícaigh iad 1.9% de dhaonra na hIndia.

AN BÚDACHAS (BUDDHISM)



Tháinig An Búdachas (Buddhism) ó Oirthuaisceart na hIndia. Go minic tugann siad ómós ag scrín adharta (altóir beag) ina dtithe féin. Tagann na Búdaithe le chéile chun adharta i séipéil difriúla, Pagoda nó Stupa is ainm do na séipeáil is coitianta ata acu. Is é Wesak príomhfhéasta na bliana do na Búdaithe. Am Wesak, céiliúrtar breith, eagnaíocht agus bás. Tá 0.76% de dhaonra na hIndia den chreideamh Búdachais.

AN HIONDÚCHAS (HINDUISM)



Gar don Abhainn Indus i dtuaisceart na hIndia a bunaíodh an creideamh Hiondúchais. Is Hindigh iad na daoine seo a chreideann i nDia darb ainm Brahman. Déanann siad a gcuid adhradh os comhair scríne sa bhaile nó i dteampall Hiondúchach darb ainm Mandir. Diwali is ainm don bhféile is mó atá acu. Leanann sé ar feadh 5 lá ag céiliúradh na hAthbhliana. Is Hindigh iad 80.5% de dhaonra na hIndia.

AN IOSLAMACHAS (ISLAM)



Bunaíodh an creideamh seo san Aráib. Is Muslimigh iad na daoine seo a chleachtann an Ioslamachas. Creideann siad in aon Dia amháin darb ainm Allah. Déanann siad a gcuid adhradh i séipéal darb ainm Mosque. Is féasta Muslimeach é Ramadan ina dhéanann na Muslimigh troscadh i rith an lae (nuair a bhíonn sé geal). Is Muslimigh 13.4% de dhaonra na hIndia.

Gníomhaíochtaí Ranga chun Creidimh Dhomhanda a phlé

Déan cairt KWL chun taighde a dhéanamh ar Chreidimh difriúla an domhain (Creideamh, OSPS, Béarla/ Gaeilge)

Ullmhúchán: Cinntigh go bhfuil seomra ríomhaireachta saor do na páistí chun taighde a dhéanamh ar chreidimh dhomhanda. Bailigh le chéile aon leabhair atá ar fáil faoi chreidimh dhomhanda.



- Roinn an rang i ngrupaí difriúla agus iarr ar gach grúpa taighde a dhéanamh ar chreideamh faoi leith chun go mbeidh siad ina "saineolaithe" ar an gcreideamh sin.
- Abair leis na daltaí cairt KWL a líonadh. (K= Know: cad atá ar eolas acu cheana féin faoin gcreideamh; W= want: cad gur mhaith leo a fhoghlaim; L= learn: cad a d'fhoghlaim siad faoin gcreideamh) Meall na daltaí chun feidhm a bhaint as leabhair agus as an Idirlíon chun cur leis an méid atá ar eolas acu faoin gcreideamh.
- Déan postaeir agus croch timpeall na scoile iad chun an méid atá foghlamtha a roinnt le pobal uile na scoile.



An bhfuil daltaí i do scoil a chleachtann creidimh éagsúla? Iarr orthu na nósanna cleachtaidh agus na féilte céiliúrtha atá acu a phlé libh.

Macnamh(Creideamh)

Tabhair faoi deara go bhfuilimid ar fad mar an gcéanna. "Recognise all people as one"(Páidir /mana scríofa ag Guru Gobind Singh, an deichiú Guru Sáiceach den India)



- Léigh antagairt seo don rang.
- Iarr ar na daltaí a súile a dhúnadh agus macnamh a dhéanamh ar na focail.
- Pléigh cad is brí leis dar leo.
- Mínigh do na daltaí gurb éard a theastaigh ón Guru Singh ná go gcaithfí go cothrom/ mar an gcéanna le gach uile dhuine ar domhan. An mar sin atá?
- Iarr orthu pictiúir a tharraingt nó alt gearr a scríobh chun a gcuid smaointe agus a dtuairimí a léiriú.
- Smaoinigh ar mhuintir phobail beag san India...An gcaitear leo sin mar a chaitear linne?

- Ar thug Íosa an meas céanna do chách? Conas gur féidir linn é sin a dhéanamh inár saol?

Am Chiorcail

Ullmhúchán: Tabhair siosúr agus píosa cairt do gach dalta.

Abair leis na páistí féachaint ar a lámha

- Conas gur féidir leo lámh cúnata a thabhairt:
- Lá 1: dá gcairde agus dá muintir
- Lá 2: do phobal na cruinne

Iarr ar na daltaí líne a tharrac timpeall ar a lámha. Gearr amach iad agus scríobh agus maisigh ceann de na moltaí a bhí acu maidir le lámh cúnata a thabhairt do dhaoine. Croch na lámha chúnta ar fhalla an tseomra.



Ambika Paraja,
9 mbliana d'aois,
Odisha, India

Seirbhís Paidreoireachta

- Léigh na tagairtí thíos ón mBíobla Naofa don rang. Pléigh an brí a bhaineann leo.
- Iarr ar na daltaí paidir dá gcuid féin a chumadh mar gheall ar chabhair a thabhairt do bhaill teaghlai nó do chairde.
- Las coinneall agus stiúir an rang i seirbhís paidreoireachta ag iarraidh ar na daltaí a bpaidreacha a léamh amach os ard duine ar dhuine.

Deotramainí 15:7

Má tá bochtán láimh leat, duine de do bhráithre in aon bhaile de do chuid sa tír atá an Tiarna á thabhairt duit, ná cruaiigh do chroí agus ná dún do dhorn in aghaidh an bhochtáin bhráthar sin agat.

Leabhar na Salm 90:17

Go dtaga grásta ár dTiarna Dia anuas orainn agus go soirbhí tú saothar ár lámh; sea, go soirbhí tú saothar ár lámh!

Leabhar na Salm 102:26

Bhunaigh tú an talamh ar dtús; is iad na flaithis saothar do lámh.



Trocaine/Jeanette O'Brien



Sadhaba Hantal, Kodaljodi, Odisha, India



NA MEÁIN



Gníomhachtaí Ranga chun Na Meáin a phlé

Na Meáin timpeall orainn (Béarla/ Gaeilge, OSPS, Mata)

Ullmhúchán: Dáil altanna nuachtáin agus irisleabhair ar na daltaí.



- Ainmnigh agus pléigh na foinsí difriúla eolais atá ann: an teilifís, an t-idirlíon, nuachtáin, raidió srl.
- Gearr amach pictiúir ó irisleabhair chun postaeir ranga a dhéanamh.
- Le plé: Conas go bhfaighfimis an t-eolas seo mura mbeadh na foinsí seo againn?



- Suirbhé ranga ar na cláracha is fearr leis na daltaí. Déan graifeanna ag léiriú an méid ama a chaitear ag féachaint ar an teilifís/ag éisteacht leis an raidió/ar an idirlíon. An cláracha faoi thíortha difriúla atá i gceist?
- Dáil meascán de nuachtáin éagsúla ar na daltaí (atá roinnte i ngrúpaí beaga). Iarr ar na daltaí scimeáil tríothu féachaint an bhfuil tagairt do thíortha áirithe nó téamaí áirithe, mar shampla: An India, cearta leanaí. Cé mhéad uaire a luaitear é/iad? An sa comhthéacs céanna a luaitear é/iad i gcónaí.
- Pléigh an difríocht idir cur chuige na nuachtán éagsúla agus iad ag clúdú imeachtaí.

Mo Phobal Áitiúil (Béarla/ Gaeilge, Eolaíocht, Tíreolaíocht)

Ullmhúchán: Tabhair píosa páipéir mór do na daltaí chun léarscáil dá bpobal áitiúil/ dá bpobal scoile a tharraingt.



- Abair leo na háiteanna atá tábhachtach dóibh a chur isteach, mar shampla: an scoil, clós na scoile, an séipéal (déan nasc le cearta leanaí, m.sh: an scoil-cearta an linbh fáil a bheith aige/aici ar an oideachas srl.)
- Abair leo macnamh a dhéanamh agus teacht suas le rud nó dhó gur mhaith leo feabhas a chur air dá bhféadfaidís. An féidir leo aon rud a dhéanamh faoi? m.sh. Má tá fadhb brúscair sa chlós, d'fhéadfaí imeacht ghlánadh suas a eagrú.
- Leag béim ar an ról tábhachtach atá

ag na meáin súile daoine a oscailt ar cheisteanna áitiúla agus ar cheisteanna dhomhanda.

- Tóg grianghraif agus scríobh alt do nuachtán áitiúil.

Bíodh an scoil ar fad páirteach ann!



- Dear agus cuir i gcló do nuachtán scoile féin. Déan cinneadh mar rang na hábhair gur mhaith leo a chur isteach ann. Iarr ar gach rang sa scoil leathanach amháin a chur ar fáil. Déan taighde ar an slí is saoire chun é a chur i gcló. Ná cuir páipéar amú!

MOLTAÍ DO NUACHTLITIR SCOILE

Dear nuachtlitir do do scoil agus cuir i gcló i

1. Bunaigh coiste nuachtáin, ionas go bhfuil freagracht faoi leith ag gach páiste.
2. Roghnaigh téama don nuachtán - b'fhéidir an India nó cearta leanaí?
3. Leag béim ar cheist mhór dhomhanda, m.sh: téamh domhanda, cad atá i gceist leis agus cad is féidir linn a dhéanamh chun é a chosc?
4. Cuir leathanaigh le pictiúir le dathú agus le gníomhachtaí



taitneamhacha dos na ranganna naíonáin.

5. Cuir isteach grianghraif a léiríonn an obair a rinne sibh sa seomra ranga chomh maith. B'fhéidir gurbh fhiú focal.



Bollywood is ainm don tionscal scannánaíochta atá lonnaithe i Mumbai san India. Labhraítear an teanga Hindi ann. Déantar thart ar 1000 scannán i Bollywood gach bliain, dhá oiread ar a laghad an méid a dhéantar i Hollywood, Meiriceá.



ACMHAINNÍ BREISE





Bhima Muduli, Odisha, India

Acmhainní Breise ar an Oideachas Forbartha

Suíomhanna idirlíne fiúntacha:

<http://www.trocaire.org/education>
<http://www.developmenteducation.ie>

Tá neart acmhainní ar fáil ar shuíomh idirlíne Trócaire atá saor in aisce le híoslódáil.


Tá na hAcmhainní thíosluaite ar fáil le ceannach ag na hAonaid Acmhainní de chuid Trócaire. Seol

Seol ríomhphost chuig: deved@trocaire.ie
nó glaigh ar:
01 505 3200 más mian leat iad a cheannach.

'Just Children' Story Sack

€25

Dearadh an acmhainn seo chun coincheapanna ar nós cothroime agus agus idirspéachas a chur i dtuiscint do pháistí aois 3-6 bliana.



Tales of Disasters

€10

Tugann an acmhainn seo, a bhfuil duaiseanna faighte aige, deis do pháistí sna ranganna sinsearachta tuiscint a fháil ar tubaistí nádúrtha trí cheithre ghearrscannán lonnaithe in Oirdheisceart na hÁise.



Peters Projection World Map

€10

Is áis iontach oideachais an léarscáil seo a thugann cruinntuiscint ar an domhan atá i mbéal forbartha.



Ná déanaigí dearmad cur isteach ar Chomórtas Póstaeir an Charghais!

trócaire

COMÓRTAS PÓSTAEIR

Ag glaach ar dhaltai bunscóile uille na tire!!
Ar mhaith leat do chuid oibre a fheiscint i 3,000 scoil ar fud na hÉireann?

Tugann Trócaire cuireadh do dhaltai bunscóile póstaer a dheardh do
PHACÁISTE ACHMAINNE AN CHARGHAIS, 2014 AR AN OIDEACHAS FORBARTHA

When we work together
Everyone achieves more

PEACE

AN DÁTA DEIREANACH A BHACFAIDH LE HIONTRÁIL NÁ
Dé hAoine
19ú Aibreán
2013

2012 Poblacht na hÉireann
An Iontráil a bhuaigh

Téigí ar www.trocaire.org/education chun sonraí uilig an chomórtais a léamh.

Faoi Trócaire

Is é Trócaire an áisínteacht forbartha thar lear oifigiúil den Eaglais Chaitliceach in Éirinn.

Trócaire



Aonaid Acmhainne Trócaire

Buail isteach go dtí ceann d'ár n-aonaid acmhainne nó téigh i dteagmháil linn ag:

Cathair BhÁC

12 Sráid na hArd-Eaglaise,
BÁC 1
Fón: 01 874 3875
Rphost: resources@trocaire.ie

Corcaigh

9 Sráid na gCócáirí,
Corcaigh
Fón: 021 427 5622
Rphost: corkinfo@trocaire.ie

Béal Feirste

50 Sráid an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD
Fón: 028 90 808 030
Rphost: infoni@trocaire.ie

Téigh go dtí ár suíomh idirlíne www.trocaire.org/education/lentschools más maith leat an acmhainn seo a fheiscint ar líne. Gheobhaidh tú chomh maith raidhse físeanna, taispeántais sleamhnán, grianghraif agus gníomhaíochtaí chun tuilleadh tacaíochta agus cabhrach a thabhairt duit agus tú ag tabhairt faoi cheisteanna a bhaineann le cóir dhomhanda a mhúineadh do do rang.



Bígí linn ar

facebook



YouTube
Broadcast Yourself™

flickr™

Facebook: www.facebook.com/trocaireireland

Twitter: www.twitter.com/trocaire

YouTube: www.youtube.com/trocaire

Flickr: www.flickr.com/trocaire

Trócaire

40
1973
2013
BLIAIN

Ag obair
ar son na
córa ar
domhan.

Trócaire,
Má Nuad,
Co. Chill Dara.

Suíomh Idirlíne: www.trocaire.org/education

Fón: 01 629 3333

Rphost: info@trocaire.ie

